



FÓGRA POIBLÍ

COMHAIRLE CATHRACH & CONTAE PHORT LÁIRGE

DRÉACHT-FHODHLÍTHE MAIDIR LE BRUSCAR A CHOSC AGUS A RIALÚ AN TACHT RIALTAIS ÁITIÚIL 2001 — CUID 19 & ALT 199(1)

Tugtar fógra leis seo go bhfuil sé beartaithe ag Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge Fodhlíthe nua a dhéanamh, de réir Alt 21 den Acht um Thruaillíú ó Bhruscar 1997 agus Alt 199(1) den Acht Rialtais Áitiúil 2001 agus de réir Chuid 19 den Acht Rialtais Áitiúil 2001, maidir le Bruscar a Chosc agus a Rialú i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge. Tá sé beartaithe foráil a dhéanamh sna fodhlíthe chun íocaíocht sheasta €75 a fhorchur i leith sárú ar fhodhlí mar mhalairt ar ionchúiseamh, dá bhforáiltear in Alt 206 den Acht Rialtais Áitiúil 2001.

Beidh cóip de Dhréacht-Fhodhlíthe um Bruscar a Chosc agus a Rialú 2022 de chuid Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge ar fáil lena scrúdú ag an bpobal ar shuíomh gréasáin Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge, www.waterfordcouncil.ie agus beidh sí ar fáil freisin le haghaidh iniúchadh poiblí, saor in aisce, in oifigí Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge i Sráid Nua Bailey, Port Láirge, X91XH42, agus sna hOifigí Cathartha, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge, X35Y326, le linn gnáthuaireanta oifige (go laethúil ó 9.30r.n. go dtí 4.00i.n. Luan go hAoine, gan Laethanta Saoire Bainc agus Poiblí a áireamh) ó 29 Iúil 2022 go 15 Meán Fómhair 2022. Tabharfar cóip de na Dréacht-Fhodhlíthe saor in aisce d'aon duine a dhéanfaidh iarratas uirthi sna hoifigí seo.

Iarrtar ar dhaoine den phobal agus ar pháirtithe leasmhara eile tuairimí nó aighneachtaí maidir leis na Fodhlíthe beartaithe a thabhairt ó dháta foilsithe an fhógra seo suas go dtí **4.00i.n.**

23 Meán Fómhair 2022 agus breithneoidh an Chomhairle aon aighneachtaí nó tuairimí a gheofar le linn na tréimhse sin.

Féadfar aighneachtaí a dhéanamh nó tuairimí a thabhairt maidir leis na fodhlíthe atá beartaithe: Trí ríomhphost chuig envsubmissions@waterfordcouncil.ie nó i scríbhinn (agus 'aighneacht na bhfodhlíthe' marcáilte air) chuig an Rannóg Comhshaoil, Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge, Halla na Cathrach, An Meal, Port Láirge.

Beidh gach tuairim, lena n-áirítear ainmneacha agus seoltaí na ndaoine atá ag déanamh aighneachtaí agus tuairimí, a chuirfear faoi bhráid Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge maidir leis na Dréacht-Fhodhlíthe seo, mar chuid den tuarascáil a éilítear go reachtúil a chuirfear i láthair ag cruinniú míosúil Chomhairle Cathrach & Contae Phort Láirge. Dá réir sin, cuirfear san áireamh iad i míontuairiscí an chruinnithe sin agus féadfaidh siad a bheith san fhearann poiblí. Coinneoidh Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge sonraí ar feadh tréimhse nach faide ná mar is gá agus de réir Pholasáí Cosanta Sonraí agus Ráiteas Príobháideachais na Comhairle atá ar fáil le léamh ar www.waterfordcouncil.ie agus de réir na reachtaíochta ábhartha um Chosaint Sonraí.

An tUasal F. Galvin,
Stiúrthóir Seirbhísí,
Bóithre, Uisce agus Comhshaoil,
Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge.

PUBLIC NOTICE

WATERFORD CITY & COUNTY COUNCIL

DRAFT BYE- LAWS FOR THE PREVENTION AND CONTROL OF LITTER LOCAL GOVERNMENT ACT 2001 – PART 19 & SECTION 199(1)

Notice is hereby given that Waterford City & County Council proposes to make new Bye-Laws, in accordance with Section 21 of the Litter Pollution Act 1997 and Section 199(1) of the Local Government Act 2001 and in accordance with Part 19 of the Local Government Act 2001, for the Prevention and Control of Litter in the administrative area of Waterford City & County Council. It is proposed to make provision in the bye-laws for the imposition of a fixed payment of €75 in respect of a contravention of a bye-law as an alternative to a prosecution, as provided for in Section 206 of the Local Government Act 2001.

A copy of the Waterford City & County Council, Draft Prevention and Control of Litter Bye-Laws 2022 will be available for public inspection on the Waterford City & County Council website www.waterfordcouncil.ie and also available for public inspection, free of charge, at the offices of Waterford City & County Council in Baileys New Street, Waterford, X91XH42, and in the Civic Offices, Dungarvan, Co. Waterford, X35Y326, during normal office hours (daily from 9.30am until 4.00pm Monday to Friday, excluding Bank and Public Holidays) from 29th July 2022 to 15th September 2022. A copy of the Draft Bye-Laws will be given free of charge to any person applying for it at these offices.

Observations or submissions regarding the proposed Bye-laws are invited from members of the public and other interested parties from the date of the publication of this notice up to **4.00pm on 23rd September 2022** and any submissions or observations received during this period shall be considered by the Council.

Submissions or observations on the proposed bye-laws may be made:-
By email to envsubmissions@waterfordcouncil.ie or in writing (and marked bye-laws submission) to the Environment Department, Waterford City and County Council, City Hall, The Mall, Waterford.

All comments, including names and addresses of those making submissions and observations, submitted to Waterford City & County Council in regard to these Draft Bye-Laws, will form part of the statutorily required report to be presented at the monthly meeting of Waterford City & County Council. Accordingly, they will be included in the minutes of that meeting and may appear in the public domain. Waterford City & County Council will retain data for no longer than is necessary and in accordance with the Council's Data Protection Policy and Privacy Statement which are available to view on www.waterfordcouncil.ie and relevant Data Protection legislation.

Mr. F. Galvin,
Director of Services,
Roads, Water & Environment,
Waterford City & County Council.